Coimisiún na Meán

# An Scéim um Chlaochlú Digiteach:

# Babhta 1

Dáta Foilseacháin:
26 Meán Fómhair 2025

Spriocdháta d'Iarratais:
24 Deireadh Fómhair 2025

# Clár Ábhar


**1. Réamhrá** 3

**2. Cuspóirí** 3

**3. Maoiniú SCD** 4

**4. Nósanna Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh** 4

4.1 Iarratas a Chur Isteach 4
4.2 Clárú 4
4.3 Seicliosta Iarratais 4
4.4 Cruinneas na Faisnéise 5
4.5 Dáta Deiridh 5
4.6 Ábhar Rúnda 5
4.7 Saoráil Faisnéise 5
4.8 Cosaint Sonraí 5
4.9 Coinbhleachtaí Leasa 6
4.10 Maoiniú maidir le Státchabhair 6
Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (GBER): 6
Cabhair De Minimis 7
4.11 An tAcht um Thús Áite do Leanaí 8

**5. Nós imeachta um Measúnú** 8

5.1 Réamh-mheasúnú 8
5.2 Réamh-mheasúnú 11
5.3 Measúnú Cáilíochtúil 11
5.4 Measúnú Straitéiseach 12
5.5 Daingniú an Choimisinéara 12
5.6 An Próiseas Chinnteoireachta 12
5.7 Cinntí Maoinithe 13
5.8 Conraitheoireacht 14
5.9 Séanadh 15

Aguisín 1 – Díolúintí maidir le Státchabhair faoi GBER 16

Aguisín 2 – Sainmhíniú ar FBManna 20

Aguisín 3 – Maitrísí Scórála Measúnaithe 21

Maitrís Scórála Réamh-mheasúnaithe 21
Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil 21
Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Straitéisigh 22

Aguisín 4 – Treoir maidir le hInrochtaineacht Dhigiteach agus Intleacht Shaorga 23

# 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") gníomhaireacht na hÉireann a dhéanann craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil agus a thacaíonn le forbairt na meán. Tá sé freagrach as scéimeanna maoinithe éagsúla a oibriú, lena n-áirítear an Scéim um Chlaochlú Digiteach (SCD).

Is scéim mhaoinithe í an Scéim um Chlaochlú Digiteach (SCD) a bhfuil sé mar aidhm aici tacú le Soláthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí (SÁSPanna) agus iad ag aistriú chuig samhail dhigiteach inbhuanaithe agus ar an gcaoi sin, inmharthanacht fhadtéarmach ábhar seirbhíse poiblí ardchaighdeáin atá neamhspleách, iontaofa, inrochtana agus éagsúil a chinntiú.

Deartar í chun tacaíocht a sholáthar do sholáthraithe meán chun dlús a chur le huasghrádú scileanna digiteacha a lucht saothair reatha leis an oiliúint riachtanach chun rath a bheith orthu agus dul san iomaíocht san earnáil meán digiteach náisiúnta agus domhanda agus ag an am céanna, maoiniú a dhéanamh ar nuachóiriú riachtanach bonneagair agus uirlisí digiteacha le haghaidh forbairt gnó.

# 2. Cuspóirí

Is iad aidhmeanna ginearálta SCD ná:

- **Tacaíocht a thabhairt do Riachtanais Oiliúna na hEarnála:** Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumais agus scileanna digiteacha a shainaithnítear trí scileanna digiteacha atá réidh don todhchaí a thabhairt do ghairmithe meán trí oiliúint agus athoiliúint spriocdhírithe.
- **Tacaíocht a thabhairt do Riachtanais Teicneolaíochta na hEarnála:** Tacú le nuachóiriú bhonneagar na meán agus le húsáid uirlisí nuálacha chun dul in oiriúint don tírdhreach digiteach agus freastal ar riachtanais thomhaltóirí na meán chomh maith le cuidiú le hinbhuanaitheacht airgeadais earnáil na meán.
- **Feiceálacht:** Leibhéal suntasachta agus 'infhaighteachta' ábhar seirbhíse poiblí a mhéadú trí bhearta um chlaochlú digiteach agus ar an gcaoi sin, cabhrú le lucht féachana rochtain a fháil ar fhaisnéis chruinn iontaofa.
- **An Ghaeilge:** Tacú le claochlú digiteach Sholáthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí i nGaeilge.
- **Iolrachas:** Cumas agus gníomhaíocht dhigiteach a spreagadh agus a mhéadú ar fud raon éagsúil foinsí agus ar an gcaoi sin, tírdhreach meán athléimneach agus ionadaíoch a chur chun cinn in Éirinn.
- **Úsáid na Teicneolaíochta Nua:** Glacadh cothrom agus úsáid eiticiúil uirlisí feabhsaithe táirgiúlachta a chumasú, lena n-áirítear Intleacht Shaorga, a fheidhmíonn chun inrochtaineacht, éifeachtúlacht agus rannpháirtíocht a fheabhsú agus sláine eagarthóireachta á caomhnú le maoirseacht dhaonna agus fostaíocht san earnáil meán á cosaint ag an am céanna. (e.g. anailísiú agus pearsantú a dhéanamh ar rannpháirtíocht an lucht féachana, tras-scríobh, fotheidealú, monatóireacht chúnta ar na meáin shóisialta, tacair mhóra sonraí a scagadh)
- **Inrochtaineacht:** Tacú le hoiliúint inrochtaineachta digiteach agus feabhas a chur ar an teicneolaíocht chun gnéithe amhail tras-scríobh, téacs go teanga agus ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a ionchorprú chun inrochtaineacht a chur chun cinn.
- **Rannpháirtíocht Óige:** Tacú le cuir chuige digiteacha nuálacha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun lucht féachana éagsúil agus níos óige a mhealladh, tuiscint a léiriú ar an aos óg, ar fud na n-ardán, na gcainéal agus na bhformáidí a úsáideann siad go gníomhach.
- **Comhoibriú:** Comhoibriú níos fearr a chothú agus barainneachtaí scála a ghiaráil i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm oiliúna agus teicneolaíochtaí nua.
- **Inbhuanaitheacht:** Réitigh dhigiteacha a spreagadh a mbaineann tionchar íseal comhshaoil agus inmharthanacht fhadtéarmach leo.
  Na cleachtais ghlasa is fearr a chur i bhfeidhm i seachadadh ábhar digiteach (e.g. úsáid fuinnimh in-athnuaite, sruthú inbhuanaithe, óstáil freastalaí glas, laghdú ar úsáid an ionaid sonraí.)

# 3. Maoiniú SCD

Rinne an Coimisiún €3 mhilliún as an €10 milliún a leithdháileadh do Scéimeanna Maoinithe na Meán in 2025 a leithdháileadh ar an Scéim um Chlaochlú Digiteach (SCD). Cumhdaítear leis an maoiniú sin deontais agus costais riaracháin na Scéime.

# 4. Nósanna Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh

## 4.1 Iarratas a Chur Isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh tríd an bhfoirm ar líne ag cnam.submit.com faoi 12 meán lae ar dháta deiridh an bhabhta maoinithe, mura luaitear a mhalairt. Ní féidir iarratais a chur isteach ach amháin nuair a bhíonn babhta maoinithe oscailte. Beidh gach babhta maoinithe oscailte ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad roimh an dáta deiridh foilsithe. Dícháileofar iarratais neamhiomlána. Beidh cinneadh an Choimisiúin ina leith seo críochnaitheach.

## 4.2 Clárú

Ní mór do sholáthraithe seirbhísí meán a bheith cláraithe mar Iarratasóir ar cnam.submit.com. Mura bhfuil tú cinnte conas
iarratas a dhéanamh, déan teagmháil leis an gCoimisiún ag digiteach@cnam.ie le haghaidh eolais agus cúnaimh.

## 4.3 Seicliosta Iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ní mór duit 'tá' a fhreagairt ar na 12 cheist seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Tá an Scéim um Chlaochlú Digiteach agus Treoir SCD d'Iarratasóirí – Babhta 1 SCD léite agam. | Tá/Níl |
| 2 | Táim cláraithe ar an ardán ar líne mar iarratasóir agus tá an soláthraí/na soláthraithe meán cláraithe mar sholáthraí ar cnam.submit.com freisin . | Tá/Níl |
| 3 | Comhlánóidh mé an fhoirm iarratais ar líne agus cinnteoidh mé go mbeidh gach deimhniú tríú páirtí san áireamh san iarratas. Déanfar aon ábhar a mheastar a bheith rúnda a mharcáil agus leagfar amach go soiléir an réasúnaíocht atá taobh thiar de rúndacht a lorg. | Déanfaidh mé/Ní dhéanfaidh mé |
| 4 | Tá an cumas reatha agus an lánacmhainneacht agamsa agus ag an bhfoireann iarratasóra an tionscadal a sheachadadh mar a leagtar amach ó thús deiridh. | Tá/Níl |
| 5 | Tá m'iarratas dírithe ar an gClaochlú Digiteach mar a shainmhínítear é sa Scéim. | Tá/Níl |
| 6 | Níl mo thionscadal á mhaoiniú ag ciste poiblí eile cheana féin. | Tá/Níl |
| 7 | Tá na ceanglais incháilitheachta go léir mar a leagtar amach sa Scéim iad á gcomhlíonadh agam. | Tá/Níl |
| 8 | Tacaíonn mo thionscadal go díreach le cuspóir(í) na Scéime. | Tacaíonn/Ní thacaíonn |
| 9 | Tá an tIarratasóir ina eintiteas rialáilte agus beidh an tionscadal maoinithe faoi réir na gcód agus na gcaighdeán ábhartha de chuid rialtóir meán aitheanta de chuid an AE, amhail an Coimisiún nó Comhairle Preasa na hÉireann. | Tá/Níl |
| 10 | Cuirfidh mé plean tionscadail um Chlaochlú Digiteach ar fáil mar aon le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a mbeidh sé mar chuid de ghníomhaíochtaí gnó amach anseo. | Cuirfidh/Ní chuirfidh |
| 11 | Tá an tionscadal atá beartaithe réidh le tosú. | Tá/Níl |
| 12 | Is riachtanach aon fhaisnéis phearsanta atá luaite san iarratas. | Tá/Níl |
| Ba chóir go mbeadh 'tá' mar fhreagra ar na ceisteanna thuas go léir. Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil 1 – 12 curtha i gcrích, beidh tú réidh le d'iarratas a chur isteach trí cnam.submit.com | | |

## 4.4 Cruinneas na Faisnéise

Ní mór gach eolas a chuirtear isteach mar chuid d'iarratas ar mhaoiniú a bheith fíor agus ceart.

## 4.5 Dáta Deiridh

Ní mór an t-iarratas agus na ceangaltáin ábhartha a chur isteach trí cnam.submit.com ar **5pm Dé hAoine, 24 Deireadh Fómhair 2025**.

## 4.6 Ábhar Rúnda

Ba chóir faisnéis a mheasann iarratasóir a bheith rúnda a aibhsiú agus a mharcáil mar **'Ábhar Rúnda'.** Cinnteoidh an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis sin a láimhseáil i gceart, lena n-áirítear nuair a bheidh an próiseas iarratais críochnaithe.

## 4.7 Saoráil Faisnéise

Geallann an Coimisiún a dhícheall a dhéanamh chun aon ábhar a sholáthraítear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ("Acht um Shaoráil Faisnéise"). Iarrtar ar iarratasóirí agus ar dheontaithe a mheas an bhfuil aon chuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil don Choimisiún in iarratas nó le linn conarthaí ina dhiaidh sin **nár cheart** a nochtadh mar gheall ar a hábhar íogair, an t-ábhar seo a shainaithint agus na cúiseanna lena íogaireacht a shonrú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis an eolas rúnda, phearsanta nó íogaireach ó thaobh tráchtála de sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le haon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Féadfar faisnéis den sórt sin a scaoileadh mar fhreagra ar iarratas um Shaoráil Faisnéise.

## 4.8 Cosaint Sonraí

Chun an babhta maoinithe seo a oibriú go héifeachtach, beidh faisnéis faoin iarratasóir agus faisnéis mhionsonraithe faoin ábhar atá beartaithe ag teastáil uainn. D'fhéadfadh faisnéis phearsanta amhail teidil poist, tuarastail agus seoltaí ríomhphoist a bheith san áireamh sna sonraí agus sna doiciméid seo.

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoi Threoir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí agus aon fhaisnéis phearsanta den sórt sin a chuirtear faoi bhráid an tionscnaimh mhaoinithe seo á láimhseáil agus á próiseáil aige. Úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear isteach in iarratas, lena n-áirítear aon fhaisnéis phearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an iarratasóir.

Ní choinneofar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear isteach (seachas sonraí teagmhála an Chonraitheora a úsáidtear chun críocha an bhabhta) ach amháin má éiríonn leis an iarratas. Bheadh an fhaisnéis sin ag teastáil don chonradh maoinithe agus chun feidhmíocht an deontais agus na torthaí gaolmhara a thomhas ina dhiaidh sin. Féadfar an fhaisnéis a úsáid freisin chun críche athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim agus ag taighdeoirí seachtracha. I gcásanna den sórt sin, dhéanfaí an fhaisnéis phearsanta go léir a anaithnidiú.

Tá an Coimisiún tiomanta agus oibleagáideach na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar iarratais don bhabhta maoinithe seo a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta agus faoi théarmaí agus coinníollacha an Choimisiúin ag: Cosaint sonraí & príobháideacht - Coimisiún na Meán

## 4.9 Coinbhleachtaí Leasa

Ní mór don Choimisiún cloí leis an Acht um Eitic in Oifig Phoiblí (1995) agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí (2001). I ndáil leis seo, má thagann tú ar an eolas, mar iarratasóir, faoi chúinsí a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú i gcomhthéacs d'iarratais, ní mór duit na cúinsí sin a thabhairt faoi bhráid an Choimisiúin láithreach.

## 4.10 Maoiniú maidir le Státchabhair

Tá an Scéim um Chlaochlú Digiteach (SCD) ag feidhmiú faoi Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún) ("**GBER**"), arna leasú, agus an Rialachán De Minimis (Rialachán an Choimisiúin (AE) 2023/2831) ("**De Minimis**"), arna leasú. Bronnfar deontais SCD de bhun GBER nó de bhun De Minimis.

## Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (GBER):

### Forléargas

Is beart de chuid an Aontais Eorpaigh é GBER a dhíolmhaíonn Ballstáit ón oibleagáid fógra a thabhairt agus ceadú an Choimisiúin Eorpaigh a lorg sula ndeonaítear maoiniú, a luaithe a chomhlíontar na critéir ábhartha go léir de chuid GBER. Tá roinnt catagóirí de Státchabhair dearbhaithe in GBER mar chatagóir atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus, dá bhrí sin, díolmhaithe ón gceanglas maidir le fógra roimh ré agus formheas ón gCoimisiún Eorpach. Tá díolúintí áirithe laistigh de GBER aitheanta ag an gCoimisiún mar dhíolúintí atá ábhartha do na tionscadail atá incháilithe le haghaidh maoinithe faoin SCD. Is é ábharthacht GBER ná go gcuideoidh na rialacha atá ann leis an leibhéal cuí maoinithe a chinneadh, lena n-áirítear an tsuim uasta, i leith tionscadal a mbronnfar maoiniú SCD orthu.

### Catagóirí Cabhrach

Féadfar tacú leis na catagóirí seo a leanas de chúnamh GBER faoin SCD. Leagtar amach in Aguisín 1 cur síos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí incháilithe ar féidir tacú leo faoi na catagóirí GBER seo agus na huasmhéideanna a cheadaítear a íoc faoi na catagóirí sin:

| |
|---|
| Airteagal 17: Cabhair Infheistíochta do FBManna |
| Airteagal 18: Cabhair um Shainchomhairleoireacht i bhfabhar FBManna |
| Airteagal 25: Cabhair do Thionscadail Taighde agus Forbartha |
| Airteagal 28: Cabhair nuálaíochta do FBManna |
| Airteagal 29: Cabhair um nuálaíocht maidir le próisis agus nuálaíocht eagraíochtúil |
| Airteagal 31: Cabhair Oiliúna |

### Cineál Gnóthais atá ag Iarratas ar Mhaoiniú

Beidh ar iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta faoin GBER méid a n-eagraíochta a dhearbhú - ag sonrú an gcáilíonn sí mar fhiontar beag nó meánmhéide nó mar fhiontar mór i gcomhréir le sainmhíniú an AE ar mhéid fiontair. Féach Aguisín 2.

### Céatadán Uasta an Chistiúcháin atá ar Fáil

Go ginearálta, leithdháilfidh an Coimisiún deontais faoin Scéim arb ionann iad agus idir 50-70% de na costais incháilithe, agus beidh méideanna na ndeontas sin faoi réir na dteorainneacha maidir leis an méid a cheadaítear a íoc faoi GBER agus faoi De Minimis, de réir mar is infheidhme.

Ceanglaítear ar iarratasóirí sonraí iomlána a sholáthar maidir le leibhéal agus foinse aon mhaoinithe eile do gach gné den bhuiséad.

Tugann na maitrísí seo a leanas sampla de na céatadáin fhéideartha atá le leithdháileadh:

| **Catagóir an Deontais (Féach ar na Cineálacha Deontas i nDoiciméad na scéime)** | **Deontas Íosta** | **Deontas Uasta** | **Ní bheidh an deontas a dhámhfar níos mó ná an céatadán seo a leanas den bhuiséad iomlán** |
|---|---|---|---|
| Bonneagar Digiteach | €10,000 | €350,000 | 50% |
| Forbairt/Oiliúint Scileanna Digiteacha | €5,000 | €300,000 | Go dtí 70% |
| Comhpháirtíocht agus Comhoibriú Digiteach | €20,000 | €250,000 | 50% |
| Tionscadail Inrochtaineachta agus Cuimsithe | €5,000 | €250,000 | 50% |
| Comhairleoireacht Meán Digiteach | €5,000 | €200,000 | 50% |
| Nuálaíocht Ábhar Digiteach | €10,000 | €200,000 | 50% |

### Éifeacht Dreasachta

Ní bheidh feidhm ag maoiniú SCD a leithdháiltear de bhun GBER ach amháin maidir le cabhair a bhfuil éifeacht dreasachta aici. Measfar go bhfuil éifeacht dreasachta ag baint le cúnamh má tá iarratas i scríbhinn ar an gcúnamh curtha isteach ag an tairbhí chuig an gCoimisiún sula dtosaíonn an obair ar an tionscadal.

## Cabhair De Minimis

Faoi De Minimis, is é €300,000 an uasteorainn reatha do gach cabhair De Minimis, beag beann ar fhoinse na cabhrach De Minimis sin, a bhronntar ar aon ghnóthas aonair ag aon ghníomhaireacht Stáit nó comhlacht poiblí thar thréimhse trí bliana. Ceadaíonn an Coimisiún Eorpach cabhair De Minimis suas le €300,000 in aghaidh an ghnóthais thar aon tréimhse trí bliana faoin Rialachán De Minimis toisc go meastar go bhfuil sé seo ar leibhéal nach mbeidh tionchar substaintiúil aige ar thrádáil idir Ballstáit ná nach ndéanfaidh sé iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfar iomaíocht léi agus dá bhrí sin is féidir é a dhámhachtain gan fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná gan imréiteach uaidh.

Ní mór d'iarratasóirí aon chabhair De Minimis a fuair siad ó aon chomhlacht poiblí sna trí bliana sula bhfuair siad maoiniú ón gCoimisiún (agus aon iarratais atá "ar bun" ar mhaoiniú stáit) a dhearbhú don Choimisiún. Déanfar infheidhmeacht De Minimis a sheiceáil i ngach tionscadal mar chuid den iarratas tosaigh agus nuair a chuirfear éilimh isteach, agus d'fhéadfadh nach mbeidh iarratais incháilithe do chúnamh deontais faoin Scéim seo dá bharr sin.

Beidh ar iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta faoin Rialachán De Minimis dearbhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina ndearbhaítear an cúnamh De Minimis go léir a fuarthas le trí bliana anuas, i gcomhréir le Rialacha Cúnaimh Stáit an AE. Is díol suntais é go bhféadfadh dearbhú bréagach as a dtiocfaidh sárú ar an tairseach €300,000 a bheith ina chúis le haisghabháil na cabhrach le hús ag an gCoimisiún ag am níos déanaí.

Carnadh

I gcás ina ndeonaítear cúnamh do thairbhithe faoin Scéim um Chlaochlú Digiteach (SCD) trí mheascán de mhaoiniú GBER agus De Minimis agus i gcás ina bhfuil an maoiniú sin le haghaidh na gcostas incháilithe céanna, ní cheadófar ná ní sholáthróidh an Coimisiún carnadh den sórt sin ach amháin a mhéid a chomhlíontar déine cabhrach GBER don chúnamh ábhartha/na costais incháilithe atá i gceist.

Ceanglais Faireacháin & Tuairiscithe

Coinneoidh an Coimisiún taifid ina mbeidh faisnéis agus doiciméid tacaíochta chun a chruthú go gcomhlíontar na coinníollacha uile atá leagtha síos in GBER agus i De Minimis ar feadh 10 mbliana ó dháta na dámhachtana deireanaí cabhrach faoin gciste SCD.

### 4.11 An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí ar an gCoimisiún faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015). I gcás ina bhfuil tionscadal nó gníomhaíocht a bhaineann le leanaí nó le haosaigh soghonta á maoiniú ag an gCoimisiún, tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar an deontaí araon cloí le forálacha an Achta. Más rud é go bhfuil baint ag ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat le leanaí nó le haosaigh soghonta, ba chóir é seo a chur in iúl san fhoirm iarratais. Tabhair do d'aire, mar choinníoll chun maoiniú a fháil, go n-iarrfar ort cóip de do Bheartas maidir le Cosaint Leanaí/do Bheartas maidir le Cosaint Aosach Soghonta a sholáthar agus dearbhuithe a thabhairt go bhfuil do thionscadal ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí. Is féidir Treoirdhoiciméad Náisiúnta maidir leis an Acht um Tús Áite do Leanaí a fháil anseo.

# 5. Nós imeachta um Measúnú

Tá ceithre chéim sa phróiseas measúnaithe agus baineann gach céim díobh le measúnú ar iarratais i gcomparáid le critéir réamhshocraithe atá bunaithe ar an tuarascáil ón gCoimisiúin um Thodhchaí na Meán (FoMC), ar an Acht Craolacháin 2009, arna leasú, agus ar chuspóirí an Choimisiúin. Is iad seo a leanas na céimeanna measúnaithe agus cinnteoireachta:

- Cáilíocht (Réamh-mheasúnú)
- Measúnú Cáilíochtúil
- Measúnú Straitéiseach
- Daingniú an Choimisinéara

Mar threoir d’iarratasóirí, leagann an Coimisiún amach thíos conas a chuirfear na nósanna imeachta do gach céim i bhfeidhm agus iarratais á measúnú.

### 5.1 Réamh-mheasúnú

Ní mór d’iarratais roinnt critéar íosta a chomhlíonadh le go mbreithneofar iad le haghaidh maoinithe. Ní mór d’iarratasóirí ar an Scéim a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh, agus ní mór an t-iarratas a bheith le haghaidh tionscadal um Chlaochlú Digiteach a cheadaítear faoin Scéim.

Sa chomhthéacs seo, cuimseoidh Claochlú Digiteach glacadh le feabhsú scileanna digiteacha, teicneolaíochtaí agus sreafaí oibre chun cruthú agus dáileadh Ábhar Meán Seirbhíse Poiblí iontaofa, ardchaighdeáin, cuimsitheach agus inrochtana a nuachóiriú agus ar an gcaoi sin an lucht féachana a uasmhéadú.

Tá tuilleadh treorach maidir leis na critéir seo leagtha amach thíos agus tá Maitrís Scórála Réamh-mheastóireachta leagtha amach in Aguisín 3 mar eolas agus mar thagairt. Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta seo, dícháileofar iarratais. Beidh cinneadh an Choimisiúin ina leith seo críochnaitheach.

### Cé is féidir iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?

Féadfaidh soláthraithe seirbhíse meán iarratais ar an Scéim um Chlaochlú Digiteach a chur isteach ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de. Leagtar síos leis na critéir incháilitheachta na híoschaighdeáin nach mór a bhaint amach le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú.

- **Comhlíonadh:** Beidh ar na meáin chraolta cuntas teiste a léiriú maidir le comhlíonadh cóid agus caighdeáin chraolacháin Choimisiún na Meán.
- **Ballraíocht i gComhlacht Rialála:** Ní mór do nuachtáin agus d’fhoilseacháin ar líne fianaise a sholáthar ar bhallraíocht i gcomhlacht rialála ábhartha, e.g. Comhairle Preasa na hÉireann, agus ar thaifead comhlíontachta leis an gcomhlacht sin.
- **Léiritheoir Ábhar Seirbhíse Poiblí:** Ní mór d’iarratasóirí a bheith ina n-eintitis a tháirgeann agus a dháileann ábhar seirbhíse poiblí, amhail nuacht, cultúr, agus cláir atá dírithe ar an bpobal. Áirítear leis seo craoltóirí, nuachtáin, agus ardáin ar líne.
- **Gealltanas um Chlaochlú Digiteach:** Beidh an Coimisiún ag súil go gcuirfidh iarratasóirí plean tionscadail um Chlaochlú Digiteach ar fáil, agus mionsonraí a thabhairt faoi mar a bheidh sé ina chuid de ghníomhaíochtaí gnó amach anseo.
- **Léiriú ar Riachtanas:** Ní mór d’iarratasóirí a léiriú go bhfuil gá soiléir ann le claochlú digiteach, agus a leagan amach mar a fheabhsóidh an maoiniú a gcumas ábhar seirbhíse poiblí a sheachadadh do lucht féachana ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.
- **Cuspóirí na Scéime a Chomhlíonadh:** Ní mór d’iarratasóirí cuspóir(í) na Scéime lena mbaineann a dtogra a léiriú go soiléir.

### 5.1.2 Cad is féidir a mhaoiniú leis an Scéim?

Tá Maoiniú Bhabhta 1 ar fáil chun tacú le hiarratais ar Thionscadail um Chlaochlú Digiteach.

- **Deontais Forbartha Scileanna agus Oiliúna:** Athoiliúint agus feabhsú scileanna earnáil na meán, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna i réimsí amhail, ach gan a bheith teoranta dóibh, iriseoireacht dhigiteach agus eitic, inrochtaineacht dhigiteach, coimeád, caomhnú, rannpháirtíocht lucht féachana, intleacht shaorga, anailísíocht sonraí/Optamú Innill Chuardaigh agus scéalaíocht il-ardán. Aguisín 4.
- **Deontais um Bonneagar Digiteach:** Bonneagar riachtanach gnó agus TF a chur i bhfeidhm, nó uasghráduithe suntasacha a dhéanamh air, chun freastal níos fearr a dhéanamh ar lucht féachana (i réimsí amhail CMS, freastalaithe, néalfhreastalaithe, aipeanna, uirlisí IS, ach gan a bheith teoranta dóibh).
- **Deontais Chomhpháirtíochta agus Chomhoibrithe**: Comhoibriú níos fearr a chothú agus barainneachtaí scála a ghiaráil i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm tionscadail um chlaochlú digiteach i réimsí amhail oiliúint agus teicneolaíocht, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.
- **Deontais Inrochtaineachta agus Cuimsithe:** Tacú le hoiliúint inrochtaineachta digiteach agus feabhas a chur ar an teicneolaíocht chun gnéithe amhail tras-scríobh, téacs go teanga agus

ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a ionchorprú chun inrochtaineacht a chur chun cinn. Aguisín 4.

- **Deontais um Chomhairleoireacht Dhigiteach:** Tacaíocht a thabhairt d'earnáil na meán le dúshláin agus deiseanna straitéiseacha um chlaochlú digiteach agus cabhrú le heagraíochtaí an cleachtas is fearr oiliúna, teicneolaíochtaí agus réitigh dhigiteacha a aithint agus a thabhairt isteach chun suntasacht ábhair a uasmhéadú.
- **Deontais um Nuálaíocht Dhigiteach:** Tacú le seachadadh ábhar seirbhíse poiblí nua digiteach ar dtús nó ilmheán agus cur chuige nuálacha a spreagadh chun dul i ngleic le roghanna athraitheacha tomhaltóirí meán.

### 5.1.3 Cad is Costais Incháilithe ann?

Tacaíochtaí maoinithe don Scéim um Chlaochlú Digiteach: Costais Incháilithe

**Uasoiliúint/Athoiliúint Dhigiteach**

- Oiliúint: Earnáil na meán a athoiliúint agus a uasoiliúint, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na nithe seo a leanas: iriseoireacht dhigiteach agus eitic, inrochtaineacht dhigiteach, coimeád, caomhnú, rannpháirtíocht lucht féachana, intleacht shaorga, anailísíocht sonraí agus scéalaíocht il-ardáin.

**Gealltanas um Chomhairleoireacht Dhigiteach:**

- Seirbhís Comhairleoireachta/Comhairleach maidir le Claochlú Digiteach eagraíochtúil.

**Bogearraí agus Uirlisí Digiteacha**

- CMS, Córais Bainistíochta Sócmhainní Digiteacha. Ardáin Phodchraolta/Shruthaithe. Bogearraí Eagarthóireachta/Sceidealaithe. Ceadúnú néaluirlisí/uirlisí SaaS (bogearraí mar sheirbhís).

**Trealamh Tionscadail**

- Léiriúchán Digiteach/Craoltóireacht/Trealamh Closamhairc. Ríomhairí/Freastalaithe/Trealamh Líonraithe Riachtanach. Trealamh nua uasghrádaithe/digitithe stiúideo. Crua-earraí tarchuir DAB.

**Forbairt Ardáin/Imreoirí Gréasáin**

- Cruthú/Uasghrádú Nuálach ar Shuíomhanna Gréasáin/Imreoirí lena n-ionchorpraítear teicneolaíocht nua. Optamú Innill Cuardaigh, freagrúlacht shoghluaiste, comhtháthú anailísíochta. Tacaíocht Ilteangach/Gnéithe Inrochtaineachta

**Rannpháirtíocht an Lucht Féachana**

- Úsáid uirlisí CRM chun lucht féachana a dheighilt agus a spriocdhíriú. Uirlisí Uathoibrithe na Meán Sóisialta. Bogearraí Anailísíochta (Córas atá bunaithe ar shonraí le haghaidh dáileadh ábhair spriocdhírithe)

**Intleacht Shaorga & Uathoibriú le haghaidh Ábhar agus Oibríochtaí**

- Uirlisí IS a spreagann tras-scríobh, fotheidealú, uirlisí guthaithe. Uathoibriú sreafaí oibre foilsitheoireachta

Ní mór trealamh a cheannaítear faoin Scéim mhaoinithe seo a sholáthar i gcomhréir le gnáthchleachtais um sholáthar gnó, rud a chinntíonn trédhearcacht, luach ar airgead agus comhlíonadh na rialachán soláthair phoiblí is infheidhme. Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil na caiteachais uile atá beartaithe incháilithe faoi threoirlínte na scéime agus go léiríonn costais iomlán an tionscadail luach maith ar airgead.

Ba chóir go mbeadh réasúnaíocht sna nótaí buiséid/sa mhiondealú mionsonraithe ar an mbuiséad i dtograí maidir leis na costais uile. Ní mór d'iarratasóirí nótaí buiséid mionsonraithe a sholáthar a bhaineann leis na costais uile sa bhuiséad a chuirtear isteach lena n-iarratas. Cuirfear na nótaí buiséid seo san áireamh le linn chéim an mheasúnaithe cháilíochtúil agus dá mhéad sonraí a chuirfear ar fáil, is ea is úsáidí a bheidh siad do mheasúnóirí. D'fhéadfaí a áireamh sna costais incháilithe costais airgeadais chomh maith, lena n-áirítear an tuarascáil éilimh deontais M45 atá riachtanach i gcás gach airgid deontais ón earnáil phoiblí.

#### 5.1.4 Cad is Costais Incháilithe ann?

Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:

- Tionscadail nach bhfuil comhpháirt shoiléir maidir leis an gclaochlú digiteach acu.
- Léiriú díreach ábhair.
- Gnáth-uasghráduithe nó uasghráduithe gnó mar is gnách ar chórais dhigiteacha atá in úsáid cheana féin.
- Trialacha bogearraí íoctha le díoltóirí teicneolaíochta. Ní mór measúnuithe ó sholáthraithe ardáin teicneolaíochta nó bogearraí, agus saineolaithe digiteacha seachtracha a bheith neamhspleách ar réitigh.
- Sainchomhairleoireacht, oiliúint agus gníomhaíocht eile nach mbaineann leis an gclaochlú digiteach ná le cuspóirí na scéime.
- Tionscadail arb é is cuspóir dóibh córais a fhorbairt nó a uasghrádú chun luach airgid a chur ar ábhar (e.g. ballaí pá, córais síntiúis, teicneolaíocht fógraíochta).
- Maoiniú chun poist bhuana a chruthú don Chlaochlú Digiteach.
- Tionscadail arb é is aidhm dóibh torthaí comhshaoil/inbhuanaitheachta a bhaint amach, agus na torthaí sin amháin.

### 5.2 Réamh-mheasúnú

Ní mór d'iarratais roinnt critéar íosta a chomhlíonadh le go mbreithneofar iad le haghaidh maoinithe. Ní mór d'iarratasóirí ar an Scéim a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh, agus ní mór an t-iarratas a bheith le haghaidh tionscadail oibreacha agus na costais ghaolmhara atá ceadaithe.

Tá tuilleadh treorach maidir leis na critéir seo leagtha amach thíos agus tá Maitrís Scórála an Reamh-mheasúnaithe leagtha amach in Aguisín 3 mar eolas agus mar thagairt. Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta seo, dícháileofar iarratais. Beidh cinneadh an Choimisiúin ina leith seo críochnaitheach.

### 5.3 Measúnú Cáilíochtúil

Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir agus an t-iarratas incháilithe i ndiaidh an Mheasúnaithe Réamh-Mheastóireachta, cáilíonn an t-iarratas le haghaidh breithnithe chun maoiniú a fháil. Is í an chéad chéim eile an Measúnú Cáilíochtúil, ina ndéantar measúnú ar gach iarratas ar bhonn a fhiúntas féin, i gcoinne critéir cháilíochtúla réamhchinntithe, atá leabaithe i gcuspóirí na Scéime um Chlaochlú Digiteach (SCD). Tá Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil leagtha amach in Aguisín 3 mar eolas agus mar thagairt.

Déanfaimid measúnú ar an gcaoi a mbeidh an t-iarratas ag teacht le haidhmeanna agus cuspóirí foriomlána na Scéime um Chlaochlú Digiteach. Cibé an léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil gá soiléir ann le claochlú digiteach, lena n-áirítear cuspóirí, gníomhaíochtaí, amlínte agus torthaí, ag leagan amach mar a fheabhsóidh a gcumas ábhar seirbhíse poiblí a sheachadadh do lucht féachana ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Breithneofar sa mheasúnú an bhfuil na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ón tionscadal soiléir agus an bhfuil siad réalaíoch agus an bhfuil 'éifeacht dreasachta' léirithe go soiléir ag an togra i.e. nach bhféadfadh an tionscadal seo dul ar aghaidh ar an mbealach céanna gan mhaoiniú? Déanfar measúnú ar thograí maidir le nuálaíocht a léiriú agus ilchineálacht a spreagadh agus ag an am céanna, cumas agus gníomhaíocht dhigiteach a mhéadú ar fud raon éagsúil ardán ag bualadh le lucht féachana ar na hardáin ina bhfuil siad.

Tá 3 critéar éigeantacha ann. Ní mór d'iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach critéar éigeantach le bheith incháilithe le haghaidh tuilleadh measúnaithe chun maoiniú a dhámhachtain. Seo a leanas na critéir mheasúnaithe éigeantacha:

- **Tionchar an Chlaochlaithe Dhigitigh, Éifeacht Dreasachta agus Cáilíocht an Iarratais.**
- **Indéantacht, Acmhainní & Cás Déanta le haghaidh Maoinithe.**
- **Nuálaíocht agus Luach Poiblí.**

## 5.4 Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilitheacha ná cistí ar fáil, beidh céim mheasúnaithe bhreise ag an gCoimisiún. Díreofar leis seo ar cháilíocht na n-iarratas aonair agus ar an bpacáiste foriomlán dámhachtainí maoinithe a chomhlíonann aidhmeanna na Scéime ar an mbealach is fearr le chéile. Cuirtear pacáiste deiridh moltaí faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena mbreithniú agus lena ndaingniú. Tá Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Straitéisigh leagtha amach in Aguisín 3. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe don chéim seo:

- Riachtanas, Ábharthacht agus Amlínte Claochlaithe Digiteach
- Acmhainneacht maidir le Tionchar ar an Earnáil
- Ag Cur Inrochtaineacht Dhigiteach Chun Cinn
- Moltaí ó na Painéil Measúnaithe Cáilíochtúla
- Rannpháirtíocht an Lucht Féachana
- Inbhuanaitheacht Dhigiteach
- An Ghaeilge

## 5.5 Daingniú an Choimisinéara

Baineann an chéim dheireanach le machnamh na gCoimisinéirí ar an bpacáiste moltaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe seo. Tar éis a dh#aingnithe, cuirtear gach iarratasóir ar an eolas trí ríomhphost faoin gcinneadh maoinithe a bhaineann lena n-iarratas.

## 5.6 An Próiseas Chinnteoireachta

Leanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta seo a leanas agus é ag cinneadh oiriúnachta iarratasóra chun maoiniú a fháil:

5.6.1 Déanfar meastóireacht tosaigh ar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann sé critéir cháilitheacha na Scéime, lena n-áirítear incháilitheacht an iarratasóra, agus go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid uile a theastaíonn curtha isteach. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonann aon cheann de na critéir atá liostaithe agus eiseofar ón bpróiseas iarratais é/í (féach Aguisín 1). Déanfaidh foireann an Choimisiúin seiceáil le haghaidh coinbhleachtaí leasa féideartha leis na measúnóirí sula gcuirfear aon iarratas ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den mheasúnú.

5.6.2 Ansin, socraítear na hiarratais incháilithe i ngrúpaí agus sanntar iad do Phainéal Measúnaithe Cáilíochtúil. Mar eolas, i gcás iarratais mhaoinithe Bhabhta 1, beidh na grúpaí bunaithe ar chineál an togra, an leagan amach, an méid a iarrtar agus mar sin de.

D'fhéadfadh foireann an Choimisiúin amháin nó foireann an Choimisiúin agus measúnóirí seachtracha a bheith ar an bPainéal. Agus gach painéal á bhunú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na scileanna agus an taithí chuí a theastaíonn chun na tionscadail a mheas. Déanann gach ball den phainéal measúnú ar gach iarratas go neamhspleách agus ansin reáchtáiltear cruinniú chun gach iarratas a phlé. Tiocfaidh an painéal ar scór do gach iarratas, agus comhaontófar liosta de na moltaí

maoinithe. Ansin, cuirfidh an Coimisiún dréacht de na nithe ar comhaontaíodh orthu chuig gach ball den phainéal lena mbreithniú agus lena gceadú. Nuair a bheidh na cruinnithe measúnaithe painéil go léir críochnaithe, lena n-áirítear ainm curtha le doiciméid an chruinnithe measúnaithe, cuirfear liosta iomlán na moltaí maoinithe le chéile. Bronnfar maoiniú ar an iarratas is láidre, de réir mar a chomhaontóidh an painéal.

5.6.3 Bunaítear Painéal Measúnaithe Straitéisigh de bhaill shinsearacha de bhainistíocht an Choimisiúin agus baill foirne atá páirteach i reáchtáil bhabhta na Scéime. Breithníonn an fóram seo go comhchoiteann scóir Chéim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, moltaí an Phainéil agus na critéir straitéiseacha.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún díriú ar chothromaíocht torthaí a eascraíonn as an meascán foriomlán is fearr de Thionscadail um Chlaochlú Digiteach bunaithe ar na hiarratais a fuarthas don bhabhta. I gcás mhaoiniú Bhabhta 1, bronnfar maoiniú ar na hiarratais is fearr a chomhlíonann cuspóirí an bhabhta maoinithe agus na scéime agus a bhaineann amach na scóir is airde dá réir.

5.6.4 Sa chéim dheireanach, déanann na Coimisinéirí na cinntí deiridh ar na hiarratais, agus breithniú á dhéanamh ar na moltaí a tháinig chun cinn sna céimeanna measúnaithe roimhe seo.

## 5.7 Cinntí Maoinithe

### Iarratais rathúla

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún, tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

i. Cuirfidh Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagfar amach ann aon choinníoll/coinníollacha bheidh ag gabháil leis an tairiscint maoinithe.
ii. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
iii. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglacann siad leis an tairiscint ar mhaoiniú agus le haon choinníoll/coinníollacha sonraithe ag an gCoimisiún.
iv. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis An gCoimisiún, ar théarmaí atá le sonrú ag an gCoimisiún. Áirítear leis na téarmaí sin soláthar táirgí insoláthartha faoin gconradh ag an iarratasóir rathúil, agus sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag iarratasóir. Déanann An Coimisiún cistí a riar i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

### Iarratais nach n-éiríonn leo

I gcás ina ndiúltaíonn an Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra do gach iarratasóir aonair agus cuirtear faisnéis ar fáil dóibh faoi fheidhmíocht a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe. Léireofar san fhógra faoin gcinneadh maoinithe chuig an iarratasóir cén chéim a diúltaíodh don iarratas:

- Má dhiúltaítear don iarratas le linn an Mheasúnaithe Cáilíochta, léireofar 'Diúltaithe - Réamhchéim' san fhógra.
- Má dhiúltaítear d'iarratas le linn Chéim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, léireofar san fhógra é mar 'Diúltaithe – Céim 2' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.
- Má dhiúltaítear d'iarratas le linn Chéim an Mheasúnaithe Straitéisigh, léireofar san fhógra é mar 'Diúltaithe – Céim 2' nuair a bheidh an Babhta daingnithe.

## 5.8 Conraitheoireacht

Agus conradh á dhéanamh leis an gCoimisiún, beidh ar iarratasóir rathúil táirgí insoláthartha áirithe a sholáthar don Choimisiún. Mar eolas, tá liosta **neamh-uileghabhálach** thíos de na rudaí a bheadh ag teastáil an tráth a dhéanfar an conradh. Tabhair faoi deara nach gá na doiciméid seo a bheith i bhfeidhm agus iarratas á dhéanamh, níl iontu seo ach treoir amháin:

- Buiséad
- Plean Airgeadais
- Ráiteas Bainc ag deimhniú acmhainneacht chómhaoinithe nuair is gá
- Coinneáil na n-admhálacha agus na sonrasc go léir
- Plean tionscadail, lena n-áirítear garspriocanna, aschuir agus torthaí
- Sonraí faoin Deontas
- Gan Litir Fritháirimh ón mBanc ábhartha
- Faisnéis maidir le hImréiteach Cánach
- Árachas

### Tuairisciú

Caithfidh an té ar a mbronnfar an deontas tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi inar caitheadh an deontas lena dheimhniú gur úsáideadh é chun na críche atá leagtha amach san iarratas ar mhaoiniú agus a rinne an Coimisiún a fhaomhadh nuair a rinneadh an maoiniú a bhronnadh. Beidh gá le tuarascálacha ar thorthaí tionscadail. Soláthróidh an Coimisiún treoirlínte tuairiscithe toraidh.

Maidir leis seo, ní mór do gach deontaí tuarascáil deiridh a chur isteach laistigh de dhá mhí ó dháta críochnaithe an tionscadail agus an chomhaontaithe deontais. Ba chóir go mbeadh faisnéis i ngach tuarascáil faoin gcaoi ar caitheadh an t-airgead agus na torthaí a baineadh amach. Ba cheart go n-áireofaí leis seo, ach gan a bheith teoranta dó sin, fianaise ar fhreastal agus cur i gcrích oiliúint scileanna digiteacha, seirbhísí comhairliúcháin a cuireadh ar fáil, tionscadail teicneolaíochta agus digiteacha a cuireadh i bhfeidhm agus aon aiseolas nó réimsí eile ar mhaith leat aird a tharraingt orthu. Bain úsáid as an bhfoirm do Thuarascáil Deiridh an Tionscadail arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.

### Iniúchadh

Ní mór do gach deontaí fianaise dhoiciméadach a choinneáil ar an gcaiteachas a tabhaíodh i gcoinne an deontais chun críocha iniúchóireachta. Déanfaidh An Coimisiún iniúchtaí randamacha mar a fhoráiltear i gconradh maoinithe An Choimisiúin. Tá gach conradh maoinithe agus táirgí insoláthartha agus sonraí airgeadais gaolmhara oscailte d’iniúchtaí AE freisin.

### Dúbláil Maoinithe

Má éiríonn leat, iarrfar ort a dheimhniú nach bhfuil aon fhoinse eile ag íoc as costais na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.

## 5.9 Séanadh

Ní cuntas uileghabhálach ar na ceanglais reachtúla agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoin Scéim atá san fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo. Níor cheart é a mheas mar ráiteas iomlán ná údarásach ar an dlí. Ní mór do dhaoine a bhfuil an doiciméad seo ar fáil dóibh a measúnú neamhspleách féin a dhéanamh tar éis dóibh a gcomhairle ghairmiúil féin a fháil agus aon imscrúduithe breise a dhéanamh, de réir mar is gá dar leo, ar gach ábhar ábhartha.

Ní dhéanann an Coimisiún aon uiríoll ná barántaí, sainráite ná intuigthe, i ndáil leis an bhfaisnéis atá sa cháipéis seo ná i ndáil le haon fhaisnéis ó bhéal nó i scríbhinn a dhéantar nó a chuirfear ar fáil d'aon iarratasóir ionchasach nó dá chomhairleoirí gairmiúla. Séantar go sainráite aon dliteanas ina leith seo.

## Aguisín 1 – Díolúintí maidir le Státchabhair faoi GBER

**Airteagal 17: Cabhair infheistíochta do FBManna**

Cineál Cabhrach

- Beidh cabhair infheistíochta do FBManna atá ag feidhmiú laistigh de chríoch an aontais nó lasmuigh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Costais Incháilithe

Is é a bheidh i gcostais incháilithe ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

a) costais infheistíochta i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe;
b) costais phá mheasta na fostaíochta arna cruthú de thoradh infheistíocht tosaigh, arna ríomh thar 2 bhliain; nó
c) teaglaim de chuid de na costais dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) agus nach mó iad ná méid phointe (a) ná phointe (b), cibé acu is airde.

- Ionas go measfar mar chostas incháilithe é chun críocha an Airteagail seo, beidh na nithe seo a leanas i gceist le hinfheistíocht:
  a) infheistíocht i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe a bhaineann le bunú bunaíochta nuaí; síneadh ar bhunaíocht atá ann cheana; éagsúlú aschuir bunaíochta ionas go bhfuil táirgí nó seirbhísí ann nár táirgeadh roimhe sin sa bhunaíocht nó nár soláthraíodh ón mbunaíocht; nó athrú bunúsach ar phróiseas táirgthe foriomlán an táirge nó na dtáirgí nó athrú bunúsach ar sholáthar na seirbhíse nó na seirbhísí lena mbaineann, athrú arna dhéanamh leis an infheistíocht sa bhunaíocht; nó
  b) éadáil sócmhainní ar le bunaíocht iad a dúnadh nó a dhúnfaí murar ceannaíodh í. Ní cháilíonn éadáil aonair scaireanna gnóthais mar infheistíocht. Déanfar an t-idirbheart faoi dhálaí an mhargaidh. Ní chuirfear san áireamh i bprionsabal ach na costais a bhaineann leis na sócmhainní a cheannach ó thríú páirtithe nach bhfuil bainteach leis an gceannaitheoir. Má dhéanann ball teaghlaigh an úinéara bunaidh nó fostaí fiontar beag a tháthcheangal áfach, ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll go gceannófar na sócmhainní ó thríú páirtithe nach bhfuil bainteach leis an gceannaitheoir.

Comhlíonfaidh sócmhainní doláimhsithe na coinníollacha seo a leanas go léir:

a) úsáidfear iad go heisiach sa bhunaíocht a fhaigheann an chabhair;
b) measfar gur sócmhainní in-amúchta iad;
c) ceannófar iad faoi dhálaí margaidh ó thríú páirtithe nach mbaineann leis an gceannaitheoir;
d) cuirfear san áireamh iad i sócmhainní an ghnóthais ar feadh trí bliana ar a laghad;

Comhlíonfaidh fostaíocht a chruthaítear go díreach le tionscadal infheistíochta na coinníollacha seo a leanas:

a) cruthófar é laistigh de thrí bliana ó chríochnú na hinfheistíochta;
b) beidh glanmhéadú ar líon na bhfostaithe sa bhunaíocht lena mbaineann, i gcomparáid leis an meán thar na 12 mhí roimhe sin;
c) coinneofar é ar feadh íostréimhse trí bliana ón dáta a líonadh an post den chéad uair.

Déine Cabhrach

Ní sháróidh an déine cabhrach:

a) 20 % de na costais incháilithe i gcás fiontair bheaga;
b) 10 % de na costais incháilithe i gcás fiontair mheánmhéide.

**Airteagal 18: Cabhair le haghaidh comhairleoireachta ar son FBManna**

Cineál Cabhrach

- Beidh cabhair le haghaidh comhairleoireachta i bhfabhar FBManna comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Costais Incháilithe

- Is iad na costais incháilithe costais na seirbhísí comhairliúcháin arna soláthar ag comhairleoirí seachtracha.
- Ní bheidh na seirbhísí lena mbaineann ina ngníomhaíocht leanúnach ná thréimhsiúil ná ní bhainfidh siad le gnáthchostais oibriúcháin an ghnóthais, amhail seirbhísí comhairleoireachta cánach rialta, seirbhísí dlí rialta nó fógraíocht.

Déine Cabhrach

- Ní rachaidh uasteorainn na cabhrach thar 50 % de na costais incháilithe.

**Airteagal 25: Cabhair do thionscadail taighde agus forbartha**

Cineál Cabhrach

- Beidh cabhair do thionscadail taighde agus forbartha, lena n-áirítear tionscadail ar bronnadh lipéad cáilíochta Séala Barr Feabhais orthu faoi ionstraim na FBManna faoi Fís 2020, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.
- Beidh an chuid den tionscadal taighde agus forbartha a fhaigheann cabhair go hiomlán faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

  a) Taighde bunúsach
  b) Taighde tionsclaíoch
  c) Forbairt thurgnamhach
  d) Staidéir indéantachta

Costais Incháilithe

- Déanfar costais incháilithe tionscadail taighde agus forbartha a leithdháileadh ar chatagóir shonrach taighde agus forbartha agus is iad seo a leanas a bheidh iontu:
  a) costais phearsanra: taighdeoirí, teicneoirí agus baill foirne tacaíochta eile a mhéid a fhostaítear iad ar an tionscadal;
  b) costais na n-ionstraimí agus an trealaimh a mhéid a úsáidtear don tionscadal iad agus fad a úsáidtear dó sin iad; i gcás nach n-úsáidtear na hionstraimí ná an trealamh sin le haghaidh shaolré iomlán an tionscadail, is iad na costais dímheasa a chomhfhreagraíonn do shaolré an tionscadail, á ríomh ar bhonn prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta, agus na costais sin amháin, a mheastar a bheith incháilithe;
  c) costais foirgneamh agus talún, a mhéid agus don tréimhse a úsáidtear don tionscadal. Maidir le foirgnimh, ní mheastar a bheith incháilithe ach na costais dímheasa a fhreagraíonn do shaolré an tionscadail, mar a ríomhtar ar bhonn prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. I gcás talún, tá costais aistrithe tráchtála nó costais chaipitil a thabhaítear iarbhír incháilithe.
  d) costais a bhaineann le taighde conarthach, le heolas agus le paitinní a cheannaítear nó a cheadúnaítear ó fhoinsí seachtracha de réir coinníollacha maidir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, mar aon leis na costais a bhaineann le seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí coibhéiseacha a úsáidtear go heisiach don tionscadal;
  e) forchostais bhreise agus speansais oibríochta eile, lena n-áirítear costais ábhar, soláthar agus táirgí comhchosúla, a thabhaítear go díreach mar thoradh ar an tionscadal.

- Is iad costais an staidéir na costais incháilithe le haghaidh staidéir indéantachta.

Uasteorainn Cabhrach

- Ní sháróidh an déine cabhrach do gach tairbhí:
    - a) 100% de na costais incháilithe le haghaidh taighde bunúsach;
    - b) 50% de na costais incháilithe le haghaidh taighde tionsclaíoch;
    - c) 25% de na costais incháilithe le haghaidh forbairt thurgnamhach;
    - d) 50% de na costais incháilithe le haghaidh staidéir indéantachta.
- Féadfar na huasteorainneacha le haghaidh taighde tionsclaíoch agus forbartha turgnamhaí a mhéadú go dtí uasteorainn cabhrach arb ionainn í agus 80 % de na costais incháilithe mar seo a leanas:
    - a) 10 bpointe céatadáin le haghaidh fiontair mheánmhéide agus 20 pointe céatadáin le haghaidh fiontair bheaga;
    - b) faoi 15 phointe céatadáin má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
        - i. Tá comhoibriú éifeachtach i gceist leis an tionscadal:
            - idir gnóthais ar FBM ceann amháin díobh ar a laghad, nó a dhéantar in dhá Bhallstát ar a laghad, nó i mBallstát agus i bPáirtí Conarthach de Chomhaontú LEE, agus nach seasfaidh aon ghnóthas aonair níos mó ná 70 % de na costais incháilithe, nó
            - idir gnóthas agus eagraíocht taighde agus scaipthe eolais amháin nó níos mó, i gcás ina n-íocfaidh na heagraíochtaí sin 10 % ar a laghad de na costais incháilithe agus go mbeidh sé de cheart acu a gcuid torthaí taighde féin a fhoilsiú;
        - ii. scaiptear torthaí an tionscadail go forleathan trí mheán comhdhálacha, foilseacháin, lárstórais rochtana oscailte, nó bogearraí saor in aisce nó bogearraí foinse oscailte;
- Is féidir na déiní cabhrach do staidéir indéantachta a mhéadú faoi 10 bpointe céatadáin le haghaidh fiontair mheánmhéide agus 20 pointe céatadáin le haghaidh fiontair bheaga;

**Airteagal 28: Cabhair nuálaíochta do FBManna**

Cineál Cabhrach

- Beidh cabhair nuálaíochta do FBManna comhoiriúnach leis an margadh inmheánach

Costais Incháilithe

- Is iad seo a leanas na costais incháilithe:
    - a) costais a bhaineann le paitinní agus sócmhainní doláimhsithe eile a fháil, a bhailíochtú agus a chosaint;
    - b) costais a bhaineann le pearsanra ardcháilithe a thabhairt ar iasacht ó eagraíocht taighde agus scaipthe eolais nó ó fhiontar mór, atá ag obair ar ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta i bhfeidhm nuachruthaithe laistigh den tairbhí agus nach bhfuil ag cur pearsanra eile in ionad pearsanra;
    - c) costais a bhaineann le seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta nuálaíochta;

Déine Cabhrach

- Ní rachaidh déine an chúnaimh thar 50 % de na costais incháilithe.

**Airteagal 29: Cúnamh le haghaidh Nuálaíochta Próisis agus Eagraíochtúil**

Cineál Cabhrach
- Beidh cabhair le haghaidh comhairleoireachta comhoiriúnach leis an margadh inmheánach

Costais Incháilithe
- Is iad seo a leanas na costais incháilithe:
    a) costais phearsanra;
    b) costas na bhfoirgneamh agus na talún, a mhéid a úsáidtear don tionscadal iad agus fad a úsáidtear dó sin iad agus faoi na coinníollacha a leanas:
    c) costais taighde conarthach, eolais agus paitinní a ceannaíodh nó a ceadúnaíodh ó fhoinsí seachtracha ar choinníollacha neamhchlaonta;
    d) forchostais bhreise agus speansais oibríochta eile, lena n-áirítear costais ábhar, soláthar agus táirgí comhchosúla, a thabhaítear go díreach mar thoradh ar an tionscadal.

Déine Cabhrach
- Ní rachaidh an uasteorainn cabhrach thar 15 % de na costais incháilithe i gcás gnóthas mór agus 50 % de na costais incháilithe i gcás FBManna.

**Airteagal 31: Cabhair Oiliúna**

Cineál Cabhrach
- Beidh cúnamh Clár Oiliúna comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.
- Ní dheonófar cabhair le haghaidh oiliúna den chineál a dhéanann gnóthais chun caighdeáin éigeantacha náisiúnta maidir le hoiliúint a chomhlíonadh.

Costais Incháilithe
Is iad seo a leanas na costais incháilithe:
a) costais phearsanra na n-oiliúnóirí, i gcás na n-uaireanta a nglacann na hoiliúnóirí páirt san oiliúint;
b) costais oibriúcháin oiliúnóirí agus oiliúnaithe a bhaineann go díreach leis an tionscadal oiliúna amhail costais taistil, costais lóistín, ábhair agus soláthairtí a bhaineann go díreach leis an tionscadal, díluacháil uirlisí agus trealaimh, a mhéid a úsáidtear iad go heisiach don tionscadal oiliúna;
c) costais na seirbhísí comhairleacha a bhaineann leis an tionscadal oiliúna;
d) costais phearsanra na n-oiliúnaithe agus costais ghinearálta indíreacha (costais riaracháin, cíos, forchostais) as na huaireanta a nglacann na hoiliúnaithe páirt san oiliúint.

Uasteorainn Cabhrach
Is iad seo a leanas na huasmhéideanna cabhrach:-

| Méid an Fhiontair | Beag | Meánach | Mór |
|---|---|---|---|
| Uasteorainn Cabhrach | 70% | 60% | 50% |
| An Uasteorainn Cabhrach má thugtar oiliúint d'oibrithe faoi mhíchumas nó d'oibrithe faoi mhíbhuntáiste | 70% | 70% | 60% |

- I gcás ina ndeonaítear cúnamh d'earnáil an iompair mhuirí, féadfar déine an chúnaimh a mhéadú go 100% de na costais incháilithe ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:-

a) Ní baill ghníomhacha den chriú iad na hoiliúnaithe ach is baill bhreise iad ar bord; agus
b) Déantar an oiliúint ar bord long atá cláraithe i gcláir an Aontais.

## Aguisín 2 – Sainmhíniú ar FBManna

Sainmhínítear fiontair mar seo a leanas i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún Eorpach (an "**Moladh**") :

*"Meastar gur fiontar atá in aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, is cuma cén fhoirm dlíthiúil atá aige."*

Cáilíonn fiontair mar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (FBManna) faoin Moladh má chomhlíonann siad na critéir atá leagtha síos sa Mholadh atá achoimrithe sa tábla thíos.

Chomh maith leis an uasteorainn líon foirne, cáilíonn fiontar mar FBM faoin Moladh má chomhlíonann sé an uasteorainn láimhdeachais nó an uasteorainn chláir chomhardaithe, ach ní gá go gcomhlíonann sé an dá rud.

| | |
|---|---|
| **Micrea-fhiontar** | Sainmhínítear é mar fhiontar a bhfuil 9 bhfostaí nó níos lú aige agus láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán ar an gclár comhardaithe bliantúil nach mó ná €2m. |
| **Fiontair Bheaga** | Sainmhínítear iad seo mar fhiontair a bhfuil 49 fostaí nó níos lú acu agus láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán ar an gclár comhardaithe bliantúil nach mó ná €10m. |
| **Fiontair mheánmhéide** | Sainmhínítear iad seo mar fhiontair a bhfuil idir 50 agus 249 fostaí acu agus láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán ar an gclár comhardaithe bliantúil nach mó ná €2m. |
| **Fiontair mhóra** | Sainmhínítear iad seo mar fhiontair a bhfuil 49 fostaí nó níos lú acu agus láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán ar an gclár comhardaithe bliantúil nach mó ná €10m. |

## Aguisín 3 – Maitrísí Scórála Measúnaithe

### Maitrís Scórála Réamh-mheasúnaithe

| Critéir | *Tá/Níl* |
|---|---|
| **Incháilitheacht:** ***An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin Scéim um Chlaochlú Digiteach agus an gcomhlíonann an t-iarratas riachtanais bhunúsacha na scéime?*** *Baineann sé seo le cibé an gcomhlíonann stádas an iarratasóra ceanglais na Scéime. An eagraíocht meán rialáilte incháilithe atá bunaithe laistigh den AE agus soláthraí ábhair seirbhíse poiblí an t-iarratasóir?* | |
| ***An bhfuil Plean um Chlaochlú Digiteach curtha ar fáil ag an iarratasóir?*** *An bhfuil dearbhú tugtha ag an iarratasóir go mbaineann an tionscadal beartaithe go díreach leis an gClaochlú Digiteach mar atá sonraithe sa Scéim?* | |
| **An bhfuil an t-iarratas críochnaithe?** *An bhfuil an t-iarratasóir tar éis cloí le treoirlínte uile an chomórtais agus an bhfuil na doiciméid ábhartha uile curtha isteach aige/aici?* | |

***Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta seo, ní bhreithneofar iarratais a thuilleadh.***

### Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Cháilíochtúil

| Critéir | Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| **Tionchar an Chlaochlaithe Dhigitigh, Éifeacht Dreasachta & Cáilíocht an Iarratais:**<br>*Cé chomh mór is a léiríonn an togra go bhfuil sé i gcomhréir le haidhmeanna agus cuspóirí foriomlána na Scéime um Chlaochlú Digiteach?*<br><br>*An léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil gá soiléir ann le claochlú digiteach, lena n-áirítear cuspóirí, gníomhaíochtaí, amlínte agus torthaí, ag leagan amach mar a fheabhsóidh a gcumas ábhar seirbhíse poiblí a sheachadadh do lucht féachana ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. An bhfuil na torthaí tionscadail a bhfuiltear ag súil leo soiléir agus an bhfuil siad réalaíoch?*<br><br>*An bhféadfadh an tionscadal seo dul ar aghaidh ar an mbealach céanna gan mhaoiniú? An mínítear go soiléir sa togra an difríocht a dhéanfaidh an maoiniú (Éifeacht Dreasachta) i.e. an bhfuil sé mar aidhm ag an togra torthaí suntasacha agus tráthúla a bhaint amach nach mbeadh indéanta gan tacaíocht an Choimisiúin?*<br><br>*An spreagann an togra ilchineálacht, cumas agus gníomhaíocht dhigiteach a mhéadú ar fud raon éagsúil ardán ag bualadh le lucht féachana ar na hardáin ina bhfuil siad?* | 50 |
| **Indéantacht, Acmhainní & an Cás a rinneadh le haghaidh Maoinithe (lena n-áirítear taifead gnó):**<br>*Cé chomh mór agus a léiríonn an togra an cumas chun an tionscadal a chur i gcrích?*<br><br>*Cár chuir an t-iarratasóir plean tionscadail um Chlaochlú Digiteach ar fáil mar aon le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a mbeidh an togra mar chuid de ghníomhaíochtaí gnó amach fhoriomlán anseo?*<br><br>*An mínítear sa bhuiséad agus sna nótaí buiséid cén fáth a bhfuil gá le línte costais ar leith agus an chúis a bhfuil údar maith leo? An bhfuil luach ar airgead leis an togra agus an bhfuil an méid maoinithe atá á iarraidh ón gCoimisiún réalaíoch?*<br><br>*An sonraítear sa togra taifead oibre an iarratasóra agus aon phríomhphearsanra a bhaineann leis an tionscadal, rud a léiríonn neart agus oiriúnacht na foirne, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dó, tuiscint ábhartha ar na scileanna teicniúla, eagarthóireachta agus bainistíochta a léiriú, agus tuiscint ar na rioscaí eiticiúla, sochaíocha agus digiteacha a bhaineann leis an gclaochlú atá beartaithe (e.g. príobháideacht sonraí, neamhspleáchas eagarthóireachta, claontacht algartamach)?* | 40 |

| | |
|---|---|
| *An bhfuil an t-iarratasóir tar éis acmhainn shásúil a léiriú chun an obair a chur i gcrích, agus na huirlisí, an teicneolaíocht nó na hacmhainní eile a úsáideadh chun an obair a dhéanamh leagtha amach acu?* | |
| **Luach Poiblí agus Nuálaíocht:**<br>*An bhfuil luach poiblí soiléir ag baint leis an tionscadal? An soláthraíonn an tionscadal fianaise go bhfreastalaíonn sé ar leas soiléir an phobail i.e. inrochtaineacht dhigiteach a chur chun cinn do gach úsáideoir, rochtain ar fhaisnéis iontaofa a fheabhsú, rannpháirtíocht dhaonlathach a thacú?*<br><br>*Cé chomh nuálach is atá an togra ina chur chuige i leith an Chlaochlaithe Dhigitigh i.e. trí oiliúint, teicneolaíochtaí, dáileadh ábhair dhigitigh, sreafaí oibre nó modhanna rannpháirtíochta lucht féachana?* | 10 |

***Ní mór d'iarratasóir scór 50% ar a laghad a bhaint amach faoi gach critéar le bheith incháilithe chun maoiniú a fháil.***

## Maitrís Scórála an Mheasúnaithe Straitéisigh

| Critéir: | Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| **Riachtanas maidir le Claochlú Digiteach agus Acmhainn do Thionchar Earnálach:**<br>*Cé chomh mór is a thugann an tionscadal aghaidh ar an ngá atá le Claochlú Digiteach in eagraíocht na meán? An leagann an togra amach an chaoi a bhfuil an maoiniú riachtanach chun tacú le hinmharthanacht ábhar seirbhíse poiblí ardchaighdeáin atá neamhspleách, iontaofa, inrochtana agus éagsúil? Cad é scála agus doimhneacht thionchar féideartha an tionscadail um Chlaochlú Digiteach? An gcruthóidh sé athrú? Caighdeáin dhigiteacha nua a shocrú laistigh den eagraíocht? Gníomhú mar eiseamláir ionchasach agus/nó infheidhmeacht chomhroinnte a bheith aige ar fud na hearnála?* | 25 |
| **Inrochtaineacht Dhigiteach:**<br>*An bhfuil cur chuige nuálacha leagtha amach ag an iarratasóir a bhaineann leas as cumas digiteach chun inrochtaineacht dhigiteach ar ábhar seirbhíse poiblí a chur chun cinn?* | 20 |
| **Rannpháirtíocht an Lucht Féachana:**<br>*An mbaineann an togra leas as an gclaochlú digiteach chun teacht ar lucht féachana óg agus mionlaigh/lucht féachana faoi mhíbhuntáiste ar bhealaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?* | 15 |
| **An Ghaeilge:**<br>*Cé chomh mór is a chuireann an togra an Ghaeilge chun cinn tríd an gClaochlú Digiteach?* | 15 |
| **Inbhuanaitheacht Dhigiteach:**<br>*An bhfuil sonraí tugtha ag an iarratasóir maidir le cur chuige i leith tionscnaimh um Chlaochlú Digiteach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chabhraíonn le tionchar ghníomhaíochtaí an tionscadail ar an gcomhshaol a laghdú?* | 15 |
| **Scór Measúnaithe Cáilíochtúil:** *Scór arna bhronnadh ag an bPainéal Measúnaithe Cáilíochtúil.* | 10 |

## Aguisín 4 – Treoir maidir le hInrochtaineacht Dhigiteach agus Intleacht Shaorga

### Treoir maidir le hInrochtaineacht Dhigiteach

Is féidir leis an gciste seo tacú le heagraíochtaí meán Éireannacha chun tionscadail inrochtaineachta digiteacha a chur chun cinn i gcomhréir leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (EAA) agus leis an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030. Ní mór do thionscadail cuspóir soiléir maidir le claochlú digiteach agus feabhas intomhaiste ar inrochtaineacht do lucht féachana a léiriú.

I gcomhréir leis an bprionsabal "Nothing About Us Without Us", moltar go láidir d'iarratasóirí dul i gcomhairle le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas chun a chinntiú go bhfreastalaíonn na réitigh atá beartaithe i ndáiríre ar riachtanais, roghanna agus cearta daoine faoi mhíchumas. Tabharfar aird dhearfach le linn na meastóireachta ar thionscadail a léiríonn comhdhearadh nó comhairliúchán bríoch le páirtithe leasmhara faoi mhíchumas. Tá an cur chuige seo ag teacht le hoibleagáidí na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) agus cuireann sé forbairt uirlisí digiteacha inrochtana chun cinn a bhfuil bonn eolais bunaithe ar thaithí saoil léi. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi dhearadh uilíoch, téigh i gcomhairle le: Ionad Barr Feabhais i nDearadh Uilíoch - Ionad Barr Feabhais i nDearadh Uilíoch

D'fhéadfadh na tionscadail seo a leanas a bheith i measc tionscadail incháilithe:

- **Cláir Oiliúna ar Chleachtais Chuimsitheacha sna Meáin:** Iena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, caighdeáin inrochtaineachta, uirlisí, agus dearadh ábhair chuimsitheach.
- **Teicneolaíochtaí Cúnta i Léiriúchán Meán**: Uirlisí amhail teidealú/fotheidealú uathoibrithe, seirbhísí cur síos fuaime, ateangaireacht Teanga Chomharthaíochta na hÉireann nó Intleacht Shaorga a thacaíonn le haistriúchán fíor-ama d'úsáideoirí faoi mhíchumas. Córais Bainistíochta Ábhar Inneachair (CMS)
- **Ardáin Ábhar Seirbhíse Poiblí Inrochtana**: Suíomhanna gréasáin nua inrochtana, aipeanna soghluaiste, nó seirbhísí sruthú agus uirlisí rannpháirtíochta lucht féachana cuimsitheacha a fhorbairt a chuireann ar chumas daoine faoi mhíchumas páirt níos iomláine a ghlacadh san iriseoireacht agus sa díospóireacht phoiblí.

### Treoir IS

Tá maoiniú ar fáil do thionscadail um chlaochlú digiteach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hIntleacht Shaorga, ar choinníoll go gcomhlíonann na comhpháirteanna uile a bhaineann le hintleacht shaorga Acht an AE um Intleacht Shaorga agus go léiríonn siad tiomantas soiléir d'úsáid fhreagrach, eiticiúil agus thrédhearcach na teicneolaíochta.

Ní mór d'iarratasóirí tuiscint shoiléir a léiriú ar fhorálacha an Achta, go háirithe a mhéid a bhaineann siad le húsáid córas IS ardriosca. Áirítear leo siúd, ach níl siad teoranta dóibh, córais IS a úsáidtear i modhnóireacht ábhair, aitheantas bithmhéadrach, nó iad siúd a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar phróisis dhaonlathacha nó ar rochtain ar fhaisnéis. Ní mór do gach comhpháirt den Intleacht Shaorga i dtionscadail atá maoinithe tiomantas a léiriú d'Intleacht Shaorga atá iontaofa, trédhearcach agus dírithe ar an duine. Ní mór d'iarratasóirí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfear maoirseacht dhaonna i bhfeidhm i ndearadh teicniúil agus in imscaradh oibríochtúil an chórais IS araon, lena chinntiú go ndéantar athbhreithniú daonna/rialú eagarthóireachta ar an ábhar agus go bhfuil freagracht eagarthóireachta ar dhuine éigin as a fhoilsiú.

Ba cheart d'iarratasóirí a léiriú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an cumas eagraíochtúil riachtanach acu chun rioscaí agus oibleagáidí a bhaineann le hintleacht shaorga a bhainistiú faoi Acht an AE maidir le hintleacht shaorga. Áirítear leis seo fianaise ar oiliúint do cheannairí tionscadail agus do bhaill foirne ábhartha. Ba cheart go mbeadh fianaise san áireamh i dtograí ar chomhoibriú le saineolaithe dlí, cosanta sonraí nó eitice na hintleachta saorga, i gcás inarb iomchuí.

Is riachtanas lárnach é comhtháthú sásraí maoirseachta daonna éifeachtacha ar fud shaolré an chórais IS. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dóibh, róil agus freagrachtaí sainithe do mhaoirseoirí daonna, cosc a chur ar ró-spleáchas ar uathoibriú agus idirghabháil láimhe a chumasú i gcás ina bhféadfadh aschuir na hintleachta saorga rioscaí eiticiúla, dlíthiúla nó clú a chruthú. Ní mór d'iarratasóirí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfear maoirseacht dhaonna i bhfeidhm i ndearadh teicniúil agus in imscaradh oibríochtúil an chórais IS araon.

Ní mór do thionscadail IS na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasachta a chomhlíonadh, go háirithe i gcás ina bhféadfadh IS tionchar a imirt ar phróisis eagarthóireachta, ar idirghníomhaíochtaí lucht féachana, nó ar rochtain phoiblí ar na meáin. Ní mór d'iarratasóirí a mhíniú mar a chinnteoidh siad, i gcás inar gá, go mbeidh córais IS inmhínithe agus conas a chuirfidh siad úsáid uirlisí IS in iúl d'úsáideoirí agus don phobal, agus iad ag déanamh monatóireachta ar iarmhairtí neamhbheartaithe (e.g. claontacht, mífhaisnéis) agus ag tabhairt aghaidh orthu.

Moltar go láidir d'iarratasóirí dul i gcomhairle le Gníomh an AE um an Intleacht Shaorga le haghaidh tuilleadh eolais. Gníomh an AE um an Intleacht Shaorga - An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta